GX1003

Ollscoil na hÉireann, Gaillimh
Scrúdaithe an tSamhraidh 2000
An Chéad Scrúdú Ollscoile sna Dáin

Tíreolaíocht

TI104 – Gnéithe de Thíreolaíocht na hÉireann

Dr. D. Ó Rathaille
Dr. S. Grimes
Dr. M. Cawley
An tUasal S. Ó Cillín
Dr. M. McCarthy
Dr. K. Hickey

Am ceadaithe: 3 uair
Freagair ceithre cheist, dhá cheann as gach rannóg
Úsáid leabhar freagraí ar leith do gach rannóg

Rannóg A

1. Déan cur síos ar bhunús agus ar éabhlóid ithreacha na hÉireann.

2. Imlínigh éabhlóid aibhneacha na hÉireann.

3 Pléigh éagsúlacht, bunús, dáileadh agus staid reatha *fauna* mamach iar-oighreach na hÉireann.

4. 'Tá aeráid na hÉireann múnlaithe ag cúrsáil iartharach atmaisféarach, a ionad san Atlantach agus ag Mórfheacht an Atlantaigh Thuaidh'. Déan an ráiteas seo a mheas le tagairtí don teocht agus don fhrasaíocht.

5. Déan cur síos ar cheithre mhórghné de chósta na hÉireann maidir lena ngéomoirfeolaíocht agus a ndáileadh.

Rannóg B

6. Cad iad na cineálacha bunfhianaise agus teicnící is féidir a úsáid chun staidéar a dhéanamh ar thíreolaíocht stairiúil na hÉireann?

7. 'Ar bhealach is tíreolaíocht stairiúil í an tíreolaíocht eacnamaíoch le breis cothromóidí agus níos lú léarscáileanna. Ní ag teangmháil lena chéile a bhíonn an dá ábhar ach ag trasnaíl ar a chéile'. (Royle, 1991). Pléigh an ráiteas seo i bhfianaise na forbartha agus na gclaonta laistigh de dhisciplíní na tíreolaíochta agus na staire le linn na fichiú haoise.

8 "Tá tosca náisiúnta agus tosca réigiúnacha araon taobh thiar de athraithe daonra in Éirinn". Pléigh

9. Aiste a scríobh ar: "Tíreolaíocht na talmhaíochta in Éirinn sna 1990aí".

10. "Is prionsabal treorach í an inmharthanacht i bpolasaí turasóireachta na hÉireann". Pléigh.